Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10362/26**

**ENV 698**
**WTO 71**
**MI 606**
**CHIMIE 75**
**DELACT 96**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3735 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 9.6.2026 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lotnaidicídí agus ceimiceáin thionsclaíocha a liostú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3735 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3735 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.6.2026
C(2026) 3735 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 9.6.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lotnaidicídí agus ceimiceáin thionsclaíocha a liostú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe, leasaítear na liostaí ceimiceán in Iarscríbhinní I agus V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ar bhonn forbairtí ar dhlí an Aontais agus faoi Choinbhinsiún Rotterdam. Le hAirteagal 23(1) de Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú, cuirtear de cheanglas ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta ceimiceán in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin gach bliain ar a laghad agus ar bhonn na bhforbairtí ar dhlí an Aontais agus faoi Choinbhinsiún Rotterdam.

Ó rinneadh an t-athbhreithniú deiridh ar an Iarscríbhinn i mí Dheireadh Fómhair 2024, rinneadh roinnt bearta rialála deiridh i ndáil le ceimiceáin áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh. Cuireadh san áireamh freisin na ceanglais dhlíthiúla faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid agus Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán.

Ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Rotterdam, a reáchtáladh sa Ghinéiv ón 28 Aibreán go dtí an 9 Bealtaine 2025, cinneadh tuilleadh ceimiceán a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam.

Ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm, a reáchtáladh sa Ghinéiv ón 1 Bealtaine go dtí an 12 Bealtaine 2023, cinneadh tuilleadh ceimiceán a áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm. Áiríodh na ceimiceáin sin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe a d'ainmnigh na Ballstáit maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe laistigh den sainghrúpa ábhartha ('an sainghrúpa údarás náisiúnta ainmnithe um thoiliú feasach roimh ré') agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh. Ghlac na páirtithe leasmhara ábhartha (lena n-áirítear an tionscal ceimiceán agus an tsochaí shibhialta) páirt sa phlé maidir leis na leasuithe ar an Rialachán le linn an chruinnithe den sainghrúpa údarás náisiúnta ainmnithe um thoiliú feasach roimh ré agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh freisin.

Rinneadh comhairliúchán poiblí maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe ón 14 Iúil 2025 go dtí an 11 Lúnasa 2025. Chuir 79 bpáirtí leasmhara barúlacha isteach, agus breithníodh iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe, leasaítear na liostaí ceimiceán in Iarscríbhinní I agus V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ar bhonn forbairtí ar dhlí an Aontais agus faoi Choinbhinsiún Rotterdam. Leagtar síos ceanglas maidir leis sin le hAirteagal 23(1) de Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Is é Airteagal 23(4) pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 bunús dlí an ghnímh tharmligthe seo.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.6.2026**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lotnaidicídí agus ceimiceáin thionsclaíocha a liostú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú[1], agus go háirithe Airteagal 23(4) pointí (a) agus (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, cuirtear chun feidhme Coinbhinsiún Rotterdam maidir leis an nós imeachta um thoiliú feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh ceimiceáin ghuaiseacha agus lotnaidicídí áirithe sa trádáil idirnáisiúnta[2] (‘Coinbhinsiún Rotterdam’).

(2) Liostaítear an tsubstaint cairbeandaisim i gCuid 1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, ar bhonn toirmeasc san fhochatagóir ‘lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí’. Ina theannta sin, tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach cairbeandaisim ón bpróiseas formheasa de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, rud arb ionann é agus toirmeasc san fhochatagóir ‘lotnaidicíd eile lena n-áirítear bithicídí’. Dá réir sin, toirmeasctar cairbeandaisim a úsáid ar chor ar bith sa chatagóir ‘lotnaidicídí’ agus ba cheart í a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 2 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Ós rud é go liostaítear an tsubstaint cairbeandaisim i gCuid 2, is gá an iontráil maidir le cairbeandaisim i gCuid 1 a thabhairt cothrom le dáta chun a léiriú go liostaítear an tsubstaint i gCuid 2 freisin.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2806[3], chinn an Coimisiún gan formheas na substainte meitríbhúisin mar shubstaint ghníomhach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] a athnuachan. Ba é an

[1] IO L 201, 27.7.2012, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/649/oj.

[2] IO L 63, 6.3.2003, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2003/106(1)/oj.

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2806 ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2024 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí meitríbhúisin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún (Sraith IO L, 4.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2806/oj).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir

éifeacht a bhí ag an gcinneadh sin toirmeasc a chur ar mheitríbhúisin a úsáid ar chor ar bith sa chatagóir 'lotnaidicídí', toisc nár formheasadh le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin í. Dá bhrí sin, ba cheart meitríbhúisin a chur leis na liostaí ceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(4) Na substaintí gníomhacha dóideamorf, lena n-áirítear aicéatáit dóideamoirf, feinpiorasaimín, fluimeitrilin, meiteaflumasón, pireadailil agus tríteasulfúrón, tharraing an tionscal ábhartha siar ón bpróiseas formheasa iad de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Ba é an éifeacht a bhí ag an tarraingt siar sin toirmeasc a chur ar na substaintí sin a úsáid san fhochatagóir 'lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí', rud arb ionann é agus toirmeasc ar iad a úsáid ar chor ar bith sa chatagóir 'lotnaidicídí', toisc nár formheasadh le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin iad. Chomh maith leis sin, is fianaise leormhaith é aicmiú comhchuibhithe dóideamoirf, feinpiorasaimín, fluimeitriline, meiteaflumasóin, pireadailile agus tríteasulfúróin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] gur cúis imní i dtaca le sláinte an duine nó an comhshaol iad na substaintí. Dá bhrí sin, ba cheart dóideamorf, feinpiorasaimín, fluimeitrilin, meiteaflumasón, pireadailil agus tríteasulfúrón a chur leis na liostaí ceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(5) Tharraing an tionscal ábhartha siar an tsubstaint ghníomhach hidreaclóiríd déghuainíde pholaiheicsimeitiléine (1600; 1,8) ón bpróiseas formheasa de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a mhéid a bhaineann leis an úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 2, 3 agus 11. Ina theannta sin, níor formheasadh an tsubstaint lena húsáid i gcineálacha táirge 1, 5, 6 ná 9 agus níl sí formheasta lena húsáid ach i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 4. Is ionann an méid sin agus srian mór ar úsáid na substainte san fhochatagóir 'lotnaidicíd eile lena n-áirítear bithicídí'. Thairis sin, níor formheasadh an tsubstaint lena húsáid san fhochatagóir 'lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí'. Dá réir sin, tá srian mór ar úsáid hidreaclóiríde déghuainíde pholaiheicsimeitiléine (1600; 1,8) sa chatagóir 'lotnaidicídí' agus ba cheart í a chur leis na liostaí ceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(6) Na substaintí taláit bhios(2-eitilheicsil), taláit débhúitile, trí-ocsaíd dhé-arsanach, tríchlóireitiléin, trí-ocsaíd chróimiam, 'aigéid a ghintear ó thrí-ocsaíd chróimiam agus a n-olagaiméirí: olagaiméirí aigéid chrómaigh agus aigéid dhéchrómaigh, aigéad crómach, agus aigéad déchrómach', déchrómáit sóidiam, déchrómáit photaisiam, déchrómáit amóiniam, crómáit photaisiam, crómáit sóidiam, aigéad arsanaice, éitear bios(2-meitocsa-eitil), '2,2'-déchlóra-4,4'-meitiléin-dé-anailín; 4,4'-meitiléinbios[2-clóranailín]', trios(crómáit) déchróimiam, crómáit strointiam, hiodrocsochtocsóidhéshioncáitdéchrómáit photaisiam, ochtaihiodrocsaíd chrómáite pheintisince agus 'pic, tarra guail, ard-teocht', aicmítear iad mar charcanaigineach de chatagóir 1A nó 1B, mar shó-ghineach de chatagóir 1A nó 1B, nó mar thocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B i gcomhréir le Rialachán (CE)

---

79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).

5 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

Uimh. 1272/2008. Thairis sin, áirítear iad i bhFoscríbhinní 1 go 6 a ghabhann le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus cumhdaítear iad le hiontrálacha 28, 29 nó 30 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán sin, rud a chiallaíonn go bhfuil toirmeasc ar a gcur ar an margadh agus ar a n-úsáid lena soláthar don phobal i gcoitinne. Dá réir sin, tá srian mór ar úsáid na substaintí sin san fhochatagóir 'ceimiceán tionsclaíoch lena úsáid ag an bpobal' agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(7) Na substaintí 5-tán-búitil-2-(2,4-démheitilcioglaiheics-3-ein-1-il)-5-meitil-1,3-dé-ocsán [1], 5-tán-búitil-2-(4,6-démheitilcioglaiheics-3-ein-1-il)-5-meitil-1,3-dé-ocsán [2], UV-328, UV-327, UV-350, UV-320, 'alcól 4,4'-bios(démheitiolaimínea)-4''-(meitiolaimínea)trítile', 'Táirgí imoibriúcháin 1,3,4-tiaidhé-asóilidín-2,5-déthióin, formaildéid agus 4-heiptilféanóil, brainseach agus líneach (RP-HP)', agus 'Mais imoibriúcháin 10-eitil-4,4-dé-ochtail-7-ocsó-8-ocsá-3,5-déthia-4-stánáit-teitreadeacánóáit 2-eitilheicsile agus de 10-eitil-4-[[2-[(2-eitilheicsil)ocsa]-2-ocsó-eitil]tia]-4-ochtail-7-ocsó-8-ocsá-3,5-déthia-4-stánáit-teitreadeacánóáit 2-eitilheicsile (mais imoibriúcháin de DOTE agus MOTE)', sainaithnítear iad mar shubstaintí arb údar mór imní iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin iad. Dá réir sin, tá úsáid na substaintí sin faoi réir údaraithe i gcomhréir le Teideal VII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Ós rud é nár deonaíodh aon údarú, tá srian mór ar na substaintí sin i gcás úsáid thionsclaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart na substaintí sin a chur leis na liostaí ceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(8) Liostaítear Dechlorane Plus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. Is é is toradh dá chuimsiú san Iarscríbhinn sin srian mór a chur ar úsáid Dechlorane Plus sa chatagóir 'ceimiceán tionsclaíoch'. Dá réir sin, ba cheart é a chur leis na liostaí ceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(9) Liostaítear an tsubstaint abaimeictin i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Chun raon feidhme na hiontrála a shoiléiriú ba cheart sainaitheantóir breise uimhriúil a chur leis an iontráil sin.

(10) Liostaítear an tsubstaint tearbúfos i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. San iontráil sin ba cheart an cód tráchtearra le haghaidh meascáin ina bhfuil tearbúfos a cheartú.

(11) Ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Rotterdam a reáchtáladh ón 28 Aibreán go dtí an 9 Bealtaine 2025, cinneadh na substaintí carbasulfán agus feintión (foirmlithe toirte sárísle ina bhfuil 640 g nó os a chionn de

---

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún mar aon le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

[7] Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj).

chomhábhar gníomhach/L) a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, agus is é is éifeacht don chinneadh sin gur cuireadh na ceimiceáin sin faoi réir an nós imeachta um thoiliú feasach roimh ré faoin gCoinbhinsiún. Dá réir sin, ba cheart na substaintí sin a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Ós rud é go liostaítear carbasulfán cheana i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ba cheart an tsubstaint sin a bhaint den liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Toisc go mbainfear carbasulfán de Chuid 2 agus go liostófar i gCuid 3 é, is gá an iontráil maidir le carbasulfán i gCuid 1 a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe sin a léiriú.

(12) Ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a reáchtáladh ón 1 Bealtaine go dtí an 12 Bealtaine 2023, cinneadh na substaintí Dechlorane Plus, meatocsaclór agus UV-328 a áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Dá réir sin, liostaíodh na substaintí sin i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(13) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 a leasú agus a cheartú dá réir sin.

(14) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnta chun go ndéanfaidh na páirtithe leasmhara na bearta is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta is gá dá chur chun feidhme, agus dá bhrí sin ba cheart an dáta cur i bhfeidhm a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Ceartúchán**

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, Cuid 3, an tábla, an iontráil maidir le 'tearbúfos', an ceathrú colún, cuirtear 'ex 3808.91' in ionad 'ex 3808.59'.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*